

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 8 Feabhra 2023 – PBL agus WA v an Coimisiún**(Cás T-538/21) <sup>(1)</sup>**(Státchabhair – Cabhair do chlub sacair – Diúltú gearán a chlárú arna thaisceadh ag duine de bhail club sacair – Stádas páirtí leasmhar)**

(2023/C 112/40)

Teanga an cháis: an Fhraincis

**Páirtithe****Iarratasóir:** *Penya Barça Lyon: Plus que des supporters (PBL)* (Bron, An Fhrainc) agus *WA* (ionadaí: J. Branco, Dlíodóir)**Cosantóir:** an Coimisiún Eorpach (ionadaithe: B. Stromsky agus G. Braga da Cruz, Gníomhairí)**Ábhar**

Lena gcaingean faoi Airteagal 263 CFAE, iarann na hiarratasóirí go gcuirfí, de pháirt, cinneadh an Choimisiúin COMP/C.4/AH/mdr 2021(092342) an 1 Meán Fómhair 2021 maidir le stádas gearáin faoi chúnaimh Stáit líomhnaithe a deonaíodh do chlub sacair Paris Saint-Germain (SA.64489) ar neamhní agus, den pháirt eile, go nglacfaí le roinnt orduithe a seoladh chuig an gCoimisiún Eorpach.

**An chuid oibríochtúil**

1. Diúltaítear don chaingean.
2. Ordaítear do *Penya Barça Lyon: Plus que des supporters (PBL)* agus *WA* na costais a íoc, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann leis na himeachtaí le haghaidh bearta eatramhacha.

<sup>(1)</sup> IO C 431, 25.10.2021.

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 8 Feabhra 2023 – UniSkin v EUIPO – Unicskin (UNISKIN by Dr. Søren Frankild)**(Cás T-787/21) <sup>(1)</sup>**(Trádmharc an Aontais Eorpaigh – Nós imeachta freasúra – Iarratas ar mharc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh “UNISKIN by Dr.Søren Frankild” – Marc fíortha náisiúnta roimhe seo “UNICSKIN YOUR EFFECTIVE SOLUTION” – Forais coibhneasta leis an diúltú – Riosca mearbhaill – Cosúlachta idir earraí agus seirbhísí – Cineál sainiúil an mharc níos luaithe – Cosúlacht na gcomharthaí – Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001)**

(2023/C 112/41)

Teanga an cháis: an Béarla

**Páirtithe****Iarratasóir:** *UniSkin ApS* (Silkeborg, an Danmhairg) (ionadaí: M. Hoffgaard Rasmussen, Dlíodóir)**Cosantóir:** Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: E. Śliwińska agus T. Frydendahl, Gníomhairí)**Páirtí eile os comhair an Bhoird Achomhairc de EUIPO:** *Unicskin, SL* (Maidrid, an Spáinn)

**Ábhar:**

Lena chaingean faoi Airteagal 263 CFAE, iarann an t-iarratasóir go gcuirfí an cinneadh ón gCeathrú Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 20 Deireadh Fómhair 2021 (Cás R 771/2021-4) ar neamhní.

**An chuid oibríochtúil**

1. Diúltaítear don chaingean.
2. Ordaítear do UniSkin ApS na costais a íoc.

---

(<sup>1</sup>) IO C 73, 14.2.2022.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 8 Feabhra 2023 – Bensoussan v EUIPO – Lulu's Fashion Lounge (LOULOU STUDIO)**

(Cás T-24/22) (<sup>1</sup>)

*(Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí freasúra – Iarratas ar fhocalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh LOULOU STUDIO – Foclmharc idirnáisiúnta níos luaithe LULU'S – Forais choibhneasta le diúltú – Baol mearbhaill – Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001)*

(2023/C 112/42)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Ugo Bensoussan (Páras, an Fhrainc) (ionadaithe: V. Bouchara agus A. Maier, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaí: T. Frydendahl, i gcáil Gníomhaire)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc de EUIPO, idiragraí os comhair na Cúirte Ginearálta:* Lulu's Fashion Lounge LLC (Chico, California, na Stáit Aontaithe) (ionadaithe: C. Bercial Arias, K. Dimidjian-Lecompte agus K. Henry, Dlíodóirí)

**Ábhar:**

Lena chaingean de bhun Airteagal 263 CFAE, iarann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta cinneadh ón gCeathrú Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 12 Samhain 2021 (Cás R 480/2021-4) a chur ar neamhní.

**An chuid oibríochtúil**

1. Diúltaítear don chaingean;
2. Ordaítear do Ugo Bensoussan na costais a íoc.

---

(<sup>1</sup>) IO C 138, 28.3.2022.